FRA EUROPEAN UNION AGENCY FOR FUNDAMENTAL RIGHTS



# TUARASCÁIL UM CHEARTA BUNÚSACHA — 2022




TUAIRIMÍ Ó FRA



**Tógadh céimeanna chun tosaigh agus céimeanna ar gcúl araon i ndáil le cosaint ceart bunúsach sa bhliain 2021. I *dTuarascáil um Chearta Bunúsacha 2022* FRA, déantar athbhreithniú ar mhórfhorbairtí sa réimse agus sainaithnítear éachtaí agus ábhair imní nach mór déileáil leo fós. San fhoilseachán seo, cuirtear i láthair tuairimí ó FRA faoi na príomhfhorbairtí sna réimsí téamacha a chumhdaítear agus déantar achoimre ar an bhfianaise a thacaíonn leis na tuairimí sin. Ar an gcaoi sin, tugtar forléargas gairid, ach faisnéiseach, ar na príomhdhúshláin i dtaca le cearta bunúsacha atá roimh AE agus na Ballstáit.**

**1** [FÓCAS] Cearta sóisialta agus comhionannas i bhfianaise téarnaimh i ndiaidh phaindéim Covid-19

**3** Cur chun feidhme agus úsáid na Cairte ag an leibhéal náisiúnta

**6** Comhionannas agus neamh-idirdhealú

**9** Ciníochas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar

**12** Comhionannas agus cuimsiú na Romach

**15** Tearmann, víosaí, imirce, teorainneacha agus lánpháirtiú

**17** An tsochaí faisnéise, príobháideacht agus cosaint sonraí

**20** Cearta an Linbh

**23** Rochtain ar cheartas

**25** Forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas

Arna chríochnú i mí Aibreáin 2022

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Print | ISBN 978-92-9461-816-0 | | doi:10.2811/010393 | TK-AM-22-001-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-9461-785-9 | ISSN 2467-3064 | doi:10.2811/831367 | TK-AM-22-001-GA-N |

© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, 2022

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Creidiúintí grianghraif:
Clúdach (ón mbarr go dtí an bun): © BGStock72/Adobe Stock; myboys.me/Adobe Stock; Lazyllama/Adobe Stock
Leathanach 1: © Rob/Adobe Stock
Leathanach 2: © BGStock72/Adobe Stock
Leathanach 2: © RioPatuca Images/Adobe Stock
Leathanach 3: © FRA
Leathanach 4: © Alexlmx/Adobe Stock
Leathanach 4: © Bluedesign/Adobe Stock
Leathanach 6: © Aleksander Kalka/NurPhoto/Getty Images
Leathanach 7: © Mangostar/Adobe Stock
Leathanach 8: © Ananass/Abobe Stock
Leathanach 9: © myboys.me/Adobe Stock
Leathanach 9: © dusanpetkovic1/Abobe Stock
Leathanach 10: © Ton Koene/Alamy Stock Photo
Leathanach 11: © Fizkes/Adobe Stock
Leathanach 12: © Birute/iStock
Leathanach 13: © FRA
Leathanach 14: © Philippe Huguen/AFP/Getty Images
Leathanach 15: © Jacopo/Adobe Stock
Leathanach 15: © BalkansCat/iStock
Leathanach 16: © Elmar Gubisch/Adobe Stock
Leathanach 16: © Henry-Martin Klemt/Adobe Stock
Leathanach 17: © Jirsak/Adobe Stock
Leathanach 17: © Gorodenkoff/Adobe Stock
Leathanach 18: © Vitalii Vodolazsky/Adobe Stock
Leathanach 19: © Michael Traitov/Adobe Stock
Leathanach 20: © New Africa/Adobe Stock
Leathanach 20: © Ralf Geithe/Adobe Stock
Leathanach 21: © Jenny Matthews/Getty Images
Leathanach 22: © Emin Ozkan/Adobe Stock
Leathanach 23: © Jirsak/AdobeStock
Leathanach 24: © AJ_stock_photos/Adobe Stock
Leathanach 24: © Corgarashu/Adobe Stock
Leathanach 25: © Chansom Pantip/Adobe Stock
Leathanach 26: © Jenny Sturm/Abobe Stock
Leathanach 27: © Seventyfour/Adobe Stock
Leathanach 28: © Nathaphat Nampix/Adobe Stock

1 [FÓCAS]

# CEARTA SÓISIALTA AGUS COMHIONANNAS I bhFIANAISE TÉARNAIMH I nDIAIDH PHAINDÉIM COVID-19



*Bhí tionchar ag paindéim COVID-19 ar an leas a bhaineann daoine as a gcearta sóisialta, ainneoin go bhfuil éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara sa chomhthéacs sin. Tá mortlaíocht mhínormálta, baol bochtaineachta méadaithe, srianta ar fhostaíocht, easpa rochtana ar bhonneagar digiteach, rochtain laghdaithe ar chúram sláinte, cúram leanaí, oideachas agus oiliúint, srianta ar rannpháirtíocht sa tsochaí agus teannas sa chothromaíocht oibre is saoil ag cur isteach ar go leor de dhaonra an Aontais Eorpaigh.*

*D'fhreagair an tAontas Eorpach do na dúshláin trí ghníomhaíocht ghasta ón gCoimisiún Eorpach agus ó roinnt gníomhaireachtaí, lena n-áirítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, a sholáthraíonn mionanailís sheachtainiúil ar an staid eipidéimeolaíoch, agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, a dhéanann measúnú ar chóir leighis agus ar vacsaíní COVID-19. Ina theannta sin, chun déileáil le tionchar sóisialta na paindéime, cuireadh EUR 723.8 billiún ar fáil do na Ballstáit tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Mar thoradh air sin, mhol na Ballstáit breis is 850 beart chun réadú ceart sóisialta a fheabhsú sa tréimhse théarnaimh i ndiaidh na paindéime.*

*Ní mór faireachán córasach a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sin d'fhonn a chinntiú go bhfuil cearta bunúsacha á gcomhlíonadh ar mhaithe lena áirithiú go n-úsáidtear na bearta go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus go bhfuil cearta daoine á n-urramú leo. Go ginearálta, áfach, ní thugann Ballstáit deis do chomhlachtaí reachtúla ag a bhfuil sainchúram um chearta an duine, páirt a ghlacadh san fhaireachán a dhéantar ar éifeachtacht na mbeart a nglactar leo ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta chun cearta sóisialta a chur chun cinn.*

Tá tiomantas an tAontas Eorpach do chearta sóisialta fréamhaithe i ndlíchóras an Aontais, mar a léirítear in Airteagail 4, 9 agus 151 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, chomh maith le Teideal IV maidir le dlúthpháirtíocht i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

In 2021, d'fhreagair an tAontas agus na Ballstáit do phaindéim COVID-19 trí thiomantas athnuaite do "Eoraip shóisialta" a réadú, mar a léiríodh i gCruinniú Mullaigh Sóisialta Porto agus i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Léirítear tiomantais dhlíthiúla agus pholaitiúla an Aontais sa Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/241), agus ceanglaítear ar na Ballstáit a mhíniú conas a chabhróidh a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. Áirítear sa rialachán freisin tagairtí do chearta bunúsacha, cearta maidir le cosaint sonraí, cosaint an chomhshaoil agus comhionannas, mar shampla.

### TUAIRIM 1.1 Ó FRA

Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit cearta sóisialta na ndaoine leochaileacha a chur chun cinn, ar daoine iad a raibh an tionchar ba shuntasaí ag an bpaindéim orthu trí chistí a eisíoc ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhréir leis na hoibleagáidí dlíthiúla agus na tiomantais pholaitiúla ábhartha ar fad. Ba cheart do Bhallstáit den Aontas Eorpach na bearta cistithe a choigeartú mura bhfuil siad sách éifeachtach chun déileáil le leochaileachtaí sóisialta daoine.



Chuir an tAontas EUR 723.8 billiún ar fáil do na Ballstáit tríd an tsaoráid, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar an dochar sóisialta a rinneadh mar thoradh ar an bpaindéim. Dá bhrí sin, is fianaise í an tsaoráid ar thiomantas an Aontais Eoraip d'Eoraip níos cothroime, níos cuimsithí agus níos sóisialta a fhorbairt. Chuir an tsaoráid ar chumas na mBallstát breis agus 850 beart a fhorbairt a bheadh mar bhonn le comhtháthú sóisialta agus críochach a choimeád, agus a d'fhéadfadh cur le cearta sóisialta a réadú. Déileálann na bearta sin le roinnt leochaileachtaí sóisialta i measc grúpaí éagsúla den daonra in AE, lena n-áirítear mná, leanaí agus daoine óga atá leochaileach; daoine faoi mhíchumas; daoine scothaosta; an pobal Romach; agus daoine a bhfuil a ndálaí oibre forbhásach.

Tríd is tríd, chuir na Ballstáit bearta san áireamh ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun feabhas a chur ar cháilíocht an oideachais, deiseanna fostaíochta agus comhtháthú mhargadh an tsaothair. Díríonn cuid acu ar leanaí agus ar dhaoine óga go sonrach. Baineann bearta eile le hathchóiriú na slándála sóisialta agus na gcóras sóisialta, agus baineann bearta eile fós le rochtain ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach a fheabhsú.

## TUAIRIM 1.2 Ó FRA

Ba cheart don Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit a áirithiú nach n-úsáidfear aon chistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar bhealach atá neamh-chomhoiriúnach le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ná le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD). Ba cheart don Choimisiún Eorpach agus do Bhallstáit AE sásraí faireacháin éifeachtacha ar chearta bunúsacha a chur i bhfeidhm i ndáil leis an tsaoráid. Moltar d'údaráis inniúla na mBallstát dul i mbun comhairliúchán córasach agus fiúntach lena gcomhlachtaí reachtúla um chearta an duine agus um chomhionannas i rith an phróisis sin. D'fhéadfaí go n-áireofaí leis sin comhairle a lorg uathu maidir le córais a bhunú chun comhlíonadh Chairt um Chearta Bunúsacha AE agus na n-oibleagáidí a eascraíonn as CRPD a áirithiú. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh Ballstáit den Aontas Eorpach breithniú a dhéanamh ar ról a thabhairt do chomhlachtaí reachtúla um chearta an duine i measúnuithe tionchair ceart bunúsach ar bhearta téarnaimh.

Tá ról lárnach ag cistí poiblí, lena n-áirítear cistí ó AE, chomh fada is a bhaineann lena áirithiú go gcosnaítear cearta bunúsacha, cearta sóisialta san áireamh. Is amhlaidh atá go háirithe sa chás go n-áirithíonn na húdaráis ábhartha nach maoiníonn siad gníomhaíochtaí nach bhfuil comhoiriúnach le cearta bunúsacha. Chuige sin, ní mór faireachán éifeachtach a dhéanamh ar úsáid cistí, sa chleachtas.

Tá sé beartaithe leis an rialachán lena mbunaítear an tsaoráid go mbeidh Ballstáit ag tuairisciú dhá uair sa bhliain i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chur i gcrích (Airteagal 27). Mar sin féin, níl coimircí sa rialachán chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas a bheith á chomhlíonadh ag cearta bunúsacha, atá inchomparáide leis na cinn atá luaite sa Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna, cibé acu maidir le sásraí faireacháin náisiúnta a bhunú nó a áirithiú go bhfuil baint ag comhlachtaí náisiúnta reachtúla a bhfuil sainchúram um chearta an duine nó um chomhionannas acu le sásraí den chineál sin.

Mhol roinnt Ballstát bearta ina bpleananna a bhféadfaí iad a cheistiú chomh fada is a bhaineann le comhoiriúnacht le Cairt um Chearta Bunúsacha AE nó le CRPD. Mar shampla, trí úsáid a bhaint as cistí saoráide chun institiúidí a athchóiriú nó a thógáil do dhaoine faoi mhíchumas, b'fhéidir nach mbeadh Airteagal 19 CRPD maidir le maireachtáil go neamhspleách á chomhlíonadh agus go gcuimseofar sa phobal iad.



# 2

# CUR CHUN FEIDHME AGUS ÚSÁID NA CAIRTE AG AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

***Chuir an Chomhairle in iúl go bhfuil sí tiomanta go hiomlán don "Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha in AE a neartú" atá bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach. Leagadh béim shuntasach sa straitéis 10 mbliana agus sna conclúidí ón gComhairle ar chur i bhfeidhm na Cairte ag an leibhéal náisiúnta, agus leagadh béim ar ábharthacht na ngníomhaithe náisiúnta.***

***Ag an leibhéal náisiúnta, tá cúirteanna, parlaimintí, rialtais agus comhlachtaí eile ag leanúint le húsáid a bhaint as an gCairt, rud atá luaite i mbreithiúnais, measúnuithe tionchair agus díospóireachtaí parlaiminteacha, mar is léir ó fhianaise a bailíodh in 2021. Is beag sampla atá ar fáil de thionscnaimh bheartais arb é an aidhm atá leo oiliúint maidir le húsáid na Cairte a fheabhsú. Go dtí seo, is cosúil nach gcuireann comhlachtaí náisiúnta straitéis an Choimisiúin agus conclúidí ón gComhairle chun feidhme trí phleanáil chomhordaithe, fhadtéarmach. Mar sin féin, d'fhéadfaí glacadh le ceapadh pointí fócasacha náisiúnta um an gCairt mar fhianaise go mbeidh an dul chun cinn atá á dhéanamh níos soiléire in 2022.***

An Chairt AE um Chearta Bunúsacha

## Leibhéal AE

Ag tús mhí an Mhárta 2021, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh conclúidí maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt) a neartú. D'fhéadfadh na conclúidí sin cabhrú chun an Chairt a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr ag an leibhéal náisiúnta agus, ar an gcaoi sin, cearta bunúsacha i mBallstáit AE a chosaint ar bhealach níos fearr. Tá an Chomhairle ag iarraidh go mbeidh níos mó cúrsaí oiliúna á n-eagrú, go mbeidh feasacht á múscailt, go mbeidh rialacha níos fearr maidir le reachtóireacht a bhunú, go mbeidh níos mó eispéireas agus cleachtas maidir le cur i bhfeidhm na Cairte á malartú, go mbeidh coinníollacha dochta Cairte bunaithe do chistí ón Aontas, go mbeidh tuilleadh comhordaithe le tabhairt faoi deara i ndáil le ceisteanna a bhaineann leis an gCairt, go mbeidh institiúidí náisiúnta um chearta an duine (INCFanna) níos láidre agus go mbeidh tuilleadh comhair leis an tsochaí shibhialta.

Chomh maith leis sin, spreag straitéis Chairte an Choimisiúin Eorpaigh freagairtí ó Choiste na Réigiún agus ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Leag siad béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh gníomhaithe réigiúnacha agus na sochaí sibhialta rannpháirteach, faoi seach. Leag Parlaimint na hEorpa béim ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chearta uile na Cairte.

### TUAIRIM 2.1 Ó FRA

Ba cheart d'institiúidí an Aontais a gcuid doiciméad beartais faoi seach, a glacadh in 2021, a úsáid mar thagarmharcanna dá n-iarrachtaí amach anseo chun a áirithiú go gcuirfear an Chairt i bhfeidhm ina hiomláine. Éilíonn aon athbhreithniú ar chur chun feidhme na ndoiciméad beartais sin sonraí, faisnéis agus eispéiris a bhailiú ó ghníomhaithe náisiúnta agus áitiúla ábhartha go rialta.

Mar shampla, d'fhéadfadh an Chomhairle úsáid a bhaint as na príomhréimsí a sainaithníodh ina conclúidí in 2021 a bhaineann leis an gCairt mar chreat tagartha nuair a bhíonn tuairimí á roinnt maidir le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha amach anseo. Nuair a bheidh conclúidí leantacha bliantúla den sórt sin maidir leis an gCairt á n-ullmhú, d'fhéadfadh an Chomhairle breithniú a dhéanamh ar mhalartú idirghníomhach agus fianaisebhunaithe a eagrú i meitheal ábhartha na Comhairle chun foghlaim fhrithpháirteach a chothú, agus chun deis rannpháirtíochta a thabhairt do phointí fócasacha náisiúnta na Cairte freisin.

D'fhéadfadh gníomhaireachtaí agus comhlachtaí AE breithniú a dhéanamh ar shampla na ngníomhaireachtaí um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile a leanúint agus measúnú a dhéanamh go rialta ar conas is féidir leo cur lena rannpháirtíocht chomh fada is a bhaineann le cearta na Cairte a chur chun feidhme agus a chur chun cinn.



Cuireadh tús le bailiúchán rialta de chleachtais a bhfuil gealladh fúthu a bhaineann le cur i bhfeidhm na Cairte trí úsáid a bhaint as an Tairseach Eorpach don r-Cheartas athchóirithe, Tairseach atá curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach. Chuir na naoi ngníomhaireacht um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an dara malartú bliantúil Cairte i gcrích, agus phléigh siad bearta éagsúla a bunaíodh chun cur i bhfeidhm na Cairte a áirithiú agus a chur chun cinn laistigh dá sainorduithe faoi seach.

Is bonn maith le haghaidh tuilleadh forbartha iad na doiciméid agus forbairtí a rinneadh ag leibhéal AE in 2021.

## TUAIRIM 2.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit den Aontas Eorpach nach bhfuil pointí fócasacha Chairte bunaithe acu go fóill, mar a iarrtar faoin straitéis Chairte, é sin a dhéanamh go luath ar mhaithe le cur chun feidhme comhordaithe agus éifeachtach na Cairte a chothabháil.

Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar straitéis Chairte an Choimisiúin Eorpaigh agus na conclúidí ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme trí phróiseas struchtúrtha atá bunaithe ar spriocanna, garspriocanna agus amlínte nithiúla. D'fhéadfaí gurb éard a bheadh i gceist anseo plean gníomhaíochta tiomnaithe don Chairt a chur i dtoll a chéile nó tagairtí sonracha a dhéanamh don Chairt i bpleananna gníomhaíochta nó i straitéisí atá bunaithe cheana féin.

Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar an leibhéal saineolais faoin gCairt a chuireann siad ar fáil i rith cúrsaí oiliúna gairmiúla do bhreithiúna, ionchúisitheoirí agus gairmithe dlí eile a bheidh ag obair sa réimse sin amach anseo agus atá ag obair ann faoi láthair, d'fhonn bearta a fhorbairt chun déileáil le heasnaimh a d'fhéadfadh a bheith le tabhairt faoi deara sa chomhthéacs sin, trí úsáid a bhaint as an saineolas atá ag institiúidí oiliúna náisiúnta agus idirnáisiúnta agus uirlisí atá ar fáil ag an leibhéal idirnáisiúnta, na huirlisí atá forbartha ag FRA, mar shampla.

### Leibhéal náisiúnta

Cuireadh béim shuntasach ar an tsraith náisiúnta rialachais in 2021, mar a léirítear sna conclúidí ón gComhairle. Cuireann an treocht sin le straitéis Chairte 2020, inar iarr an Coimisiún Eorpach ar na Ballstáit céimeanna nithiúla a ghlacadh, mar shampla chun pointí fócasacha a bhunú sna riaracháin náisiúnta, chun nósanna imeachta maidir le measúnuithe tionchair agus grinnscrúdú dlíthiúil a oiriúnú, chun a áirithiú go ndéanfaidh coistí ag a bhfuil saineolas leordhóthanach ar an gCairt faireachán ar bhainistiú cistí ó AE, nó INCFanna a bhunú nó a neartú. Chomh maith leis sin, d'iarr an Coimisiún Eorpach ar Bhallstáit bearta a bhaineann le beartas Cairte a fhorbairt sna réimsí a bhaineann le hoiliúint, múscailt feasachta nó tacú le timpeallacht thacúil agus shábháilte a chur ar fáil d'Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta (ESSanna) agus do chosantóirí ceart.

Chun na gnéithe sin ar fad a sholáthar, ní mór cultúr na gceart bunúsach a athrú ag an leibhéal náisiúnta. Tá cleachtas na gceart bunúsach dírithe i gcónaí ar dhlí bunreachtúil náisiúnta agus ar ECHR, mar is léir ó fhianaise ó chásanna cúirte, ach freisin ó réasúnú ceart bunúsach a chuirtear i bhfeidhm i gcomhthéacs reachtóireachta. Tugann an méid sin le fios nach leor fós an leas a bhaintear as breisluach na Cairte agus nach bhfuil an idirghníomhaíocht idir an Chairt agus an dlí náisiúnta agus an Chairt agus ECHR fós á cur san áireamh go cuí mar chuid de churaclaim chaighdeánacha oiliúna.



Ag cur leis sin, níl ach líon beag iarrachtaí chun straitéis na Cairte a chur chun feidhme i bpróiseas struchtúrtha lena mbaineann spriocanna, garspriocanna agus amlínte nithiúla sofheicthe ag an leibhéal náisiúnta. Is ionann bunú phointí fócasacha na Cairte agus an chéad chéim thábhachtach sa treo seo, de bhrí go bhféadfadh sé an próiseas a bhaineann le straitéis na Cairte a chur chun feidhme a threorú nó cabhrú leis. Go dtí seo, níl pointí fócasacha Cairte ceaptha ach ag leath de na Ballstáit, áfach.

### Leibhéal áitiúil

Maidir leis an leibhéal áitiúil rialachais, is fiú a mheabhrú go bhfuil feidhm ag an gCairt "i ndáil le comhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla, agus le heagraíochtaí poiblí, nuair atá dlí an Aontais á chur chun feidhme acu" (féach Míniúcháin, Airteagal 51, *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* C 303/17-14.12.2007). Ba cheart do rialtais a dtaithí agus a gcleachtas a roinnt chun foghlaim fhrithpháirteach a chumasú.

In 2021, bhunaigh an Coimisiún Eorpach rannóg ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas inar féidir leis na Ballstáit dea-chleachtais a roinnt maidir le húsáid agus feasacht ar an gCairt, lena n-áirítear ag an leibhéal áitiúil. Go dtí seo, áfach, níor bhain siad mórán úsáide as an tairseach chun na críche sin.

Úsáidtear an téarma "áitiúil" 17 n-uaire i straitéis Chairte an Choimisiúin Eorpaigh. Ní hamháin go n-iarrtar inti go gcomhroinnfí dea-chleachtais Chairte ar an leibhéal áitiúil agus go gcuirfí timpeallacht thacúil shábháilte chun cinn d'eagraíochtaí sochaí sibhialta agus do chosantóirí ceart ar an leibhéal áitiúil, ach éilítear inti freisin go soláthródh na Ballstáit treoir dhóthanach ar an leibhéal áitiúil ionas gur féidir le húdaráis áitiúla na dualgais atá orthu faoin gCairt a chomhlíonadh. Chomh maith leis sin, tarraingítear aird sa straitéis ar an acmhainneacht atá ag comhlachtaí áitiúla feasacht a mhúscailt faoi chearta an duine agus faoin méid is féidir le daoine a dhéanamh nuair a sháraítear a gcearta.

Leagtar béim freisin sna conclúidí ón gComhairle a glacadh i mí an Mhárta 2021, ar ról na riarachán réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear státseirbhísigh, "i ndáil leis an gCairt a phríomhshruthú agus a áirithiú go bhfuil cearta bunúsacha á n-áirithiú i gceapadh beartas, agus i ndáil le cultúr um chearta bunúsacha a chothú ag gach leibhéal den fheidhmeannas".

Níl tuiscint mhaith ag riaracháin áitiúla ar an gCairt, áfach, de réir na **hanailíse a rinne FRA ar na sonraí a bailíodh ó na comhairliúcháin** a chuir an Coimisiún Eorpach i gcrích le linn dó an straitéis Chairte a ullmhú. Níl aon amhras ach go bhféadfadh an leibhéal áitiúil cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn ar bhealach níos fearr. Mar shampla, in 2021 mhol FRA creat a bhfuil sé mar aidhm leis níos mó cathracha in AE a spreagadh chun feidhmiú mar chathracha chearta an duine, agus a chabhróidh le cultúr ceart áitiúil a fhorbairt.

## TUAIRIM 2.3 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE an straitéis Chairte nua a phlé le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus scrúdú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfaidís cabhrú ar an mbealach is éifeachtaí le cearta bunúsacha agus leis an gCairt a chur chun cinn.

Ba cheart d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha a áirithiú go dtagraítear don Chairt ina gcuid ionstraimí, nósanna imeachta agus beartas. Ba cheart cleachtais áitiúla atá bunaithe cheana féin a roinnt leis na pointí fócasacha náisiúnta nua Cairte, lena áirithiú gur féidir leo cleachtais agus eispéiris den chineál sin a roinnt le Ballstáit eile — tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas, mar shampla.

D'fhéadfadh cathracha breithniú a dhéanamh ar fheidhmiú mar "cathracha um chearta an duine", níos mó breithniúchán maidir le cearta bunúsacha a áireamh ina gcuid oibre, clár agus gníomhaíochtaí. B'fhéidir go mbeadh an creat a bhfuil sé mar aidhm leis cearta a threisiú go háitiúil, a mhol FRA, úsáideach sa chomhthéacs sin.

D'fhéadfadh Coiste na Réigiún breithniú a dhéanamh go rialta ar fhóram a sholáthar chun eispéiris agus cleachtais a bhfuil gealladh fúthu a bhaineann leis an gCairt a mhalartú.

# 3

# COMHIONANNAS AGUS NEAMH-IDIRDHEALÚ




***Bhí comóradh á dhéanamh ar 21 bliain ó bunaíodh treoracha comhionannais AE in 2021. Spreag an comóradh sin measúnú a dhéanamh ar an méid atá bainte amach agus ar na deiseanna a ligeadh le sruth, agus rinneadh measúnú ar chur chun feidhme na reachtaíochta, ach níos tábhachtaí ná sin, rinneadh machnamh ar na chéad chéimeanna eile. I mbliana, dírítear sa chaibidil ar idirdhealú in aghaidh daoine LGBTI agus ar idirdhealú in aghaidh saoránaigh den Aontas Eorpach ar fhoras a náisiúntachta.***

***Spreag sárú ar chearta daoine LGBTI i roinnt Ballstát, chomh maith le méadú ar theagmhais fuathchoireachta agus fuathchainte gaolmhara — a bhféadfaí glacadh leo mar mhéadú iarbhír ar theagmhais mar aon le méadú ar thoilteanas iad a thuairisciú — freagairt ó roinnt institiúidí idirnáisiúnta. Ag an am céanna, tá méadú ag teacht ar an aitheantas atá á thabhairt do chearta teaghlaigh do lánúineacha comhghnéis agus do thuismitheoirí homaighnéasacha sa dlí-eolaíocht idirnáisiúnta agus náisiúnta.***

***Tá roinnt fianaise ann a léiríonn go mbíonn ar shaoránaigh den Aontas Eorpach déileáil le hidirdhealú ar fhoras náisiúntachta i réimsí éagsúla den saol, ach is annamh a bhailítear sonraí faoin ábhar sin.***

***In 2021, bhí tionchar diúltach ag roinnt de na bearta a raibh sé mar aidhm leo dul i ngleic le paindéim ghalar choróinvíreas 2019 (COVID-19) ar dhaoine LGBTI, agus bhí fadhbanna ag saoránaigh den Aontas Eorpach nuair a bhí teorainneacha an Aontais á dtrasnú acu, agus nuair a bhí a gcuid vacsaínithe á bhfáil nó á dtaifeadadh acu.***

I mbliana, dírítear sa chaibidil ar idirdhealú in aghaidh daoine LGBTI agus ar idirdhealú in aghaidh saoránaigh den Aontas Eorpach ar fhoras a náisiúntachta.

## TUAIRIM 3.1 Ó FRA

I ndáil leis an tionscnamh reachtach atá beartaithe chun tuismíocht agus bearta gaolmhara a aithint, ba cheart don Choimisiún Eorpach an creat ábhartha agus treoir bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit chun a áirithiú go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do thuismíocht le haghaidh lánúineacha comhghnéis.

Ba cheart do Bhallstáit AE na bearta a áirítear i straitéis um chomhionannas LGBTIQ AE a chur chun feidhme trí phleananna agus straitéisí gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt, agus trí chosaint dlí a neartú do dhaoine LGBTIQ i gcoinne an fhoréigin agus na fuathchainte.

In 2021, mhéadaigh an t-aitheantas a bhí á thabhairt do chearta teaghlaigh lánúineacha comhghnéis agus tuismitheoirí homaighnéasacha i ndlí-eolaíocht agus reachtaíocht idirnáisiúnta agus náisiúnta. Mar sin féin, tá deacrachtaí fós ag baint le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do thuismíocht chomhghnéis idir Ballstáit i bhfianaise neamhréireachtaí idir tíortha AE maidir le raon feidhme an aitheantais dhlíthiúil a thugtar do lánúineacha comhghnéis agus a gcearta teaghlaigh (maidir le huchtáil, máthairionadaíocht nó atáirgeadh cuidithe). Tá sé sin mar bhonn le héiginnteacht dhlíthiúil agus cuireann sé isteach ní hamháin ar an gceart chun saorghluaiseachta ach ar an gceart chun saol teaghlaigh freisin, nuair a dhiúltaítear aitheantas a thabhairt do naisc theaghlaigh idir tuismitheoirí agus leanaí, atá bunaithe go dlíthiúil i dtír eile.

D'aithin an Coimisiún Eorpach go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ag teaghlaigh teorainneacha laistigh den Aontas Eorpach a thrasnú mar gheall ar dhifríochtaí i rialacha na mBallstát maidir le tuismíocht agus mar gheall ar easpa rialacha coinbhleachta AE sa chomhthéacs sin. Tá breithniú déanta ar thionscnamh reachtach maidir le haitheantas trasteorann a thabhairt do thuismíocht idir Ballstáit den Aontas Eorpach. Leagfaí síos sa togra rialacha coiteanna na heasaontachta dlíthe agus forálacha coiteanna maidir

le breithiúnais i leith tuismíochta a aithint. Cé go mbaineann dlí substainteach maidir le tuismíocht le sainchúram dhlí na mBallstát, is féidir leis an Aontas Eorpach glacadh le bearta a bhaineann le dlí teaghlaigh a bhfuil impleachtaí trasteorann ag baint leo de bhun Airteagal 81(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Bíonn deacrachtaí ar leith ag tuismitheoirí comhghnéis aitheantas trasteorann tuismíochta a fháil, mar gheall ar dhifríochtaí i gcreataí dlíthiúla na mBallstát. Cuireann sé sin isteach ar an gceart chun meas ar shaol an teaghlaigh agus ar chearta an linbh, chomh maith le cearta an linbh a eascraíonn as saoránacht AE.

Thug CBAE aitheantas do naisc theaghlaigh idir tuismitheoirí comhghnéis agus a linbh in *V.M.A.* v *Stolichna obshtina*. Meabhraíodh ann nach féidir le Ballstáit a gcuid oibleagáidí a mhaolú faoi dhlí saorghluaiseachta an Aontais ach amháin mura sáraíonn siad cearta bunúsacha faoin gCairt um Chearta Bunúsacha (an Chairt). Chinn an chúirt go mbeadh sé contrártha d'Airteagal 7 (an ceart chun meas ar shaol an teaghlaigh) agus Airteagal 24 (cearta an linbh) den Chairt dá gcuirfí isteach ar ghaol an linbh le duine dá tuismitheoirí le linn di a ceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú, nó dá mbeadh feidhmiú an chirt sin dodhéanta nó ródheacair i gcleachtas toisc gur tuismitheoirí comhghnéis a tuismitheoirí. Leag an chúirt béim ar an bpointe nach mbaineann an oibleagáid chun gaol tuismitheora-linbh a aithint i gcomhthéacs na saorghluaiseachta an bonn de chéannacht agus d'inniúlachtaí náisiúnta.

Ina theannta sin, bhí tionchar díréireach ag bearta chun an phaindéim a shrianadh, lena n-áirítear tréimhsí dianghlasála agus srianta ar dhul isteach sna Ballstáit, ar chomhpháirtithe agus leanaí daoine LGBTIQ, chomh maith le daoine óga LGBTIQ i roinnt Ballstát. Spreag sé sin méaduithe sna teagmhais d'fhoréigean baile, fuathchaint agus fuathchoireacht, agus rochtain theoranta ar chúnamh síceolaíoch agus ar chúram sláinte.

Sa chomhthéacs sin, tá tábhacht ag baint le straitéis um chomhionannas LGBTIQ an Aontais. Leagtar amach sa straitéis sin sraith gníomhaochtaí spriocdhírithe a bhaineann le ceithre phríomhcholún, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic leis an idirdhealú, sábháilteacht a áirithiú, sochaithe cuimsitheacha a fhorbairt, agus an feachtas ar son comhionannais LGBTIQ a stiúradh ar fud an domhain. Mar a fógraíodh sa straitéis, in 2021 bhunaigh an Coimisiún foghrúpa comhionannais LGBTIQ faoi **Ghrúpa Ardleibhéil AE um Neamh-idirdhealú, Chomhionannas agus Éagsúlacht** chun tacú le agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn sna Ballstáit maidir le cearta LGBTIQ, lena n-áirítear pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt.



Ghlac roinnt Ballstát le pleananna gníomhaíochta náisiúnta arb é an aidhm atá leo idirdhealú a chomhrac go ginearálta, lena n-áirítear cearta LGBTIQ. D'fhorbair Ballstáit eile pleananna gníomhaíochta atá dírithe go sonrach ar chomhionannas LGBTIQ. Tá na pleananna gníomhaíochta sin, atá molta cheana féin i Liosta Gníomhaíochtaí 2015-2019 chun Comhionannas LGBTIQ a Fhorbairt, riachtanach chun aitheantas a thabhairt do riachtanais shonracha daoine LGBTIQ chun a gcearta a chosaint agus chun bearta sonracha a bhunú.

## TUAIRIM 3.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú nach ndéanfar idirdhealú in aghaidh saoránaigh den Aontas Eorpach mar thoradh ar aon reachtaíocht agus cleachtais riaracháin, agus i gcomhthéacsanna áirithe, dá mbaill teaghlaigh, bunaithe ar náisiúntacht, laistigh de raon feidhme dhlí an Aontais. Cuirfidh bailiú rialta sonraí agus eispéireas ionchur úsáideach ar fáil sa chomhthéacs sin.


Ba cheart don Choimisiún Eorpach an cúnamh a thugtar do na Ballstáit a neartú chun faisnéis a mhalartú agus chun feasacht a mhúscailt maidir le hidirdhealú in aghaidh saoránaigh den Aontas Eorpach a chosc ar an bhforas náisiúntachta.

D'fhéadfadh idirdhealú in aghaidh shaoránaigh AE ar fhoras náisiúntachta bacainní ar shaorghluaiseacht a chruthú fiú mura mbaineann sé go díreach le cur chun feidhme na reachtaíochta maidir le saorghluaiseacht.

Foráiltear le hAirteagal 18 CFAE agus le hAirteagal 21(2) den Chairt, go gcuirfear toirmeasc, laistigh de raon feidhme dhlí AE, ar aon idirdhealú ar fhoras náisiúntachta. Tá éifeacht dhíreach, chothrománach agus ingearach ag an toirmeasc sin. Ciallaíonn sé sin gur féidir le daoine aonair é a agairt i gcoinne eintitis phríobháideacha agus údarás stáit faoi choinníollacha áirithe.

Dearbhaítear le hAirteagal 24(1) den Treoir maidir le Saorghluaiseacht (2004/38/CE) an tiomantas bunúsach do phrionsabal na córa comhionainne do náisiúnaigh AE, a chuirtear in iúl sna Conarthaí: "bainfidh gach saoránach den Aontas atá ina gcónaí ar bhonn na Treorach seo i gcríoch an Bhallstáit óstaigh leas as cóir chomhionann cosúil le náisiúnaigh an Bhallstáit sin laistigh de raon feidhme an Chonartha. Déanfar tairbhe an chirt sin a leathnú chuig baill teaghlaigh nach náisiúnaigh de Bhallstát iad agus a bhfuil an ceart cónaithe nó buanchónaithe acu". Ciallaíonn Airteagal 4 den Treoir Forfheidhmithe maidir le Saorghluaiseacht Oibrithe (2014/54/AE) go bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit comhlachtaí a ainmniú chun cóir chomhionann oibrithe an Aontais agus bhaill dá dteaghlach a chur chun cinn, anailís a dhéanamh, faireachán a dhéanamh agus tacú leo gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais náisiúntachta ach freisin gan aon srianta ná bacainní gan údar a chur ar a gceart chun saorghluaiseachta.

Tá saoránaigh den Aontas Eorpach agus a mbaill teaghlaigh fós ag déileáil le hidirdhealú ar fhoras náisiúntachta i réimsí éagsúla, lena n-áirítear cánachas, an ceart gairm a chleachtadh, agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, lena n-áirítear seirbhísí sláinte nó sochair shóisialta, de réir fianaise ó thaighde a rinne FRA in 2021. I rith phaindéim COVID-19, bhí éifeachtaí diúltacha ag bearta áirithe, lena n-áirítear pleananna vacsaínithe nó srianta taistil, ar shaoránaigh den Aontas Eorpach ó Bhallstáit eile. In ainneoin gur cosúil nach bhfuil idirdhealú ar fhorais náisiúntachta forleathan i gcomparáid le forais idirdhealaithe eile, níl dóthain sonraí ar fáil. Ach oiread leis sin, níl feasacht leordhóthanach maidir le cathain a tharlaíonn idirdhealú den chineál sin, in ainneoin go bhfuil saoránacht den Aontas ainmnithe mar cheann de cholúin lánpháirtíochta AE, rud a d'athdhearbhaigh CBAE roinnt uaireanta agus a léirítear i dtuarascálacha saoránachta 3 bliana an Choimisiúin.



# 4

# CINÍOCHAS, SEINEAFÓIBE AGUS ÉADULAINGT GHAOLMHAR

***Bhí samplaí d'fhuathchoireacht agus d'fhuathchaint chiníoch fós le tabhairt faoi deara ar fud an Aontais in 2021. Bhí an milleán á chur i gcónaí ar imircigh agus ar mhionlaigh eitneacha, lena n-áirítear Romaigh, Giúdaigh, Moslamaigh agus Áisigh, faoi phaindéim ghalar choróinvíreas 2019 (COVID-19).***

***Rinne an Coimisiún Eorpach bearta cinntitheacha chun dlí an Aontais atá bunaithe cheana féin a chur chun feidhme trí nósanna imeachta um shárú a thionscnamh in aghaidh 11 Bhallstát toisc nach ndearna siad an Cinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a thrasuí go hiomlán agus i gceart sa dlí náisiúnta. Chomh maith leis sin, d'iarr sé ar na Ballstáit forálacha na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr.***

***Chun léargas a thabhairt ar thiomantais uile-Aontais chun ciníochas a chomhrac, ghlac na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus lean siad le bearta a neartú chun déileáil le bearnaí sonraí agus chun struchtúir agus próisis a fhorbairt chun teagmhais chiníocha a thuairisciú go héifeachtach.***




Sonraítear sa Chinneadh Réime maidir le Ciníochas agus Seineafóibe (2008/913/CGB) cur chuige coiteann dlí choiriúil maidir le cineálacha ciníochais agus seineafóibe arb ionann iad agus fuathchaint agus fuathchoireacht. In 2021, thionscain an Coimisiún Eorpach nósanna imeachta um shárú in aghaidh 11 Bhallstát nach ndearna an cinneadh réime a ionchorprú go hiomlán agus i gceart sa dlí náisiúnta. Shonraigh an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) agus cúirteanna uachtaracha náisiúnta teorainneacha maidir le brath ar shaoirse cainte mar údar le fuathchaint agus le gríosú chun fuatha.

Lean an ciníochas le dúshláin thromchúiseacha a chruthú ar fud an Aontais in 2021. Leanadh leis na teagmais fuathchoireachta agus fuathchainte ciníocha, mar a léirítear i dtuarascálacha oifigiúla agus neamhoifigiúla. Ina theannta sin, chuir comhlachtaí idirnáisiúnta agus náisiúnta um chearta an duine in iúl go raibh an ráta méadaithe d'fhuathchaint ar líne i rith na paindéime ag déanamh imní dóibh, fuathchaint a raibh na meáin nó polaiteoirí freagrach as go minic, a bhí dírithe ar imircigh agus ar mhionlaigh eitneacha.



## TUAIRIM 4.1 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE forálacha an Chinnidh Réime ón gComhairle maidir le Ciníochas agus Seineafóibe a Chomhrac a thrasuí agus a chur i bhfeidhm go hiomlán agus i gceart. Áirítear leis sin bearta a bheith á ndéanamh ag Ballstáit lena áirithiú go nglacfar leis gurb ionann cuspóir ciníoch nó seineafóibeach agus imthoisc ghéaraitheach, nó, mar mhalairt air sin, go mbreithneoidh na cúirteanna an cuspóir sin nuair a bheidh cinneadh maidir leis na pionóis á dhéanamh.

## TUAIRIM 4.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE feabhas suntasach a chur ar éifeachtacht a mbeart agus a socruithe institiúideacha chun forálacha na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch a chur i bhfeidhm go hiomlán, go háirithe maidir le smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha i gcás sáruithe ar na hoibleagáidí a cheanglaítear leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch. D'fhéadfadh sé sin cabhrú leis na bacainní a laghdú a mbíonn ar mhionlaigh eitneacha agus imircigh déileáil leo nuair a dhéanann siad iarracht oideachas, fostaíocht, earraí agus seirbhísí — tithíocht san áireamh — agus cosaint shóisialta a rochtain.

Toirmeasctar le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh aon idirdhealú ar fhorais bunaidh eitnigh nó chine. Mar an gcéanna, toirmeasctar leis an Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch (2000/43/CE) aon idirdhealú ar fhorais tionscnaimh eitnigh nó chiníoch i réimse na rochtana ar oideachas; fostaíocht; seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht; agus cosaint shóisialta, lena n-áirítear cúram sláinte. Bliain is fiche i ndiaidh ghlacadh na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch, níl forálacha na Treorach á gcur chun feidhme ina n-iomláine ag roinnt Ballstát fós, mar a léirítear i dtuarascálacha atá curtha i dtoll a chéile ag an gCoimisiún Eorpach agus ag comhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta chearta an duine.

Lean an Coimisiún le nósanna imeachta um shárú in aghaidh trí Bhallstát a rinne idirdhealú i réimse an oideachais in aghaidh leanaí den phobal Romach. In 2021, lean mionlaigh eitneacha, lena n-áirítear imircigh, ag déileáil le hidirdhealú agus le ciníochas institiúideach i réimsí éagsúla den saol, pointe a bhfuil fianaise air le fáil i suirbhéanna agus i dtorthaí tástálacha idirdhealaithe. Tá próifíliú idirdhealaitheach bunaithe ar eitneacht fós le tabhairt faoi deara san Aontas Eorpach, a bhfuil fianaise maidir leis le fáil i dtuarascálacha comhlachtaí faireacháin.



## TUAIRIM 4.3 Ó FRA

Moltar do Bhallstáit AE pleananna gníomhaíochta náisiúnta nó sraitéisí tiomnaithe a fhorbairt chun ciníochas, idirdhealú ciníoch, frithsheimíteachas, seineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar a chomhrac. Ba cheart go mbeadh iarrachtaí náisiúnta bunaithe agus á dtreorú ag na treoirphrionsabail choiteanna le haghaidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais agus rannpháirtíocht agus comhar le comhpháirtithe ábhartha agus ESSanna a ráthú. Ba cheart do na Ballstáit, le linn dóibh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, a áirithiú go bhfuil gach gníomhaíocht bunaithe ar shonraí comhionannais iontaofa.

In 2021, chuir an tAontas tús leis an obair a bhain leis na tiomantais a sonraíodh i gcéad phlean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas a chomhlíonadh. Go háirithe, ghlac Grúpa Ardleibhéil AE um chiníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac prionsabail threoracha coiteanna le haghaidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta in aghaidh an chiníochais.

Tá forbairtí náisiúnta mar bhonn le hiarrachtaí atá á ndéanamh ar fud an Aontais Eorpaigh. Ghlac roinnt Ballstát pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le frithchiníochas den chéad uair in 2021. Mar fhianaise ar chomhthéacsanna náisiúnta difriúla, bhí bearta frithchiníochais san áireamh i mbeartais níos ginearálta maidir le neamh-idirdhealú, nó d'fhorbair siad straitéisí lena ndéileáiltear le foirmeacha agus comharthaí sonracha de chiníochas, cosúil le straitéisí in aghaidh an fhrithsheimíteachais.

In ainneoin roinnt forbairtí dearfacha a dhírigh ar bhearnaí sna sonraí ag an leibhéal náisiúnta, tríd is tríd, tá ganntanas sonraí maidir le heispéiris de chiníochas agus d'idirdhealú bunaithe ar bhunadh ciníoch nó eitneach ar fud an Aontais Eorpaigh. Cuireann ganntanas sonraí iontaofa agus cuimsitheacha bac ar dhearadh, cur chun feidhme agus faireachán éifeachtach ar phleananna gníomhaíochta maidir le frithchiníochas agus cuireann sé cosc ar an Aontas Eorpach agus ar Bhallstáit faireachán éifeachtach a dhéanamh ar staid an chomhionannais.



Is léir ó thorthaí atá bunaithe ar shonraí náisiúnta agus FRA atá á gcur ar fáil go leanúnach go bhfuil leibhéil shuntasacha tearcthuairiscithe ag baint le heispéiris ar idirdhealú agus foréigean leatroim. Baineann tearcthuairisciú an bonn de chearta íospartach tacaíocht agus cosaint a fháil, agus mar thoradh air sin ní áirithítear rochtain ar cheartas do chách ar bhonn cothrom. Cuireann sé sin isteach ar iarrachtaí na n-údarás náisiúnta an fhuathchoireacht a imscrúdú agus a phionósú.

In 2021, ghlac Grúpa Ardleibhéil AE um chiníochas, seineafóibe agus cineálacha eile éadulaingthe a chomhrac le príomhphrionsabail threoracha maidir le tuairisciú na fuathchoireachta a spreagadh. Tá na prionsabail dírithe ar íospartaigh agus is é an aidhm atá leo creat a sholáthar a bheidh in ann iarrachtaí náisiúnta a threorú chun deireadh a chur le bacainní ar thuairisciú, agus struchtúir agus próisis chumasúcháin a bhunú a thacaíonn le tuairisciú éifeacht fuathchoireanna. Thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh iarrachtaí tiomnaithe á ndéanamh i ndáil le córais tuairiscithe éifeachtacha a bhunú cosúil le for-rochtain spriocdhírithe do ghrúpaí atá i mbaol íospairt fuathchoireachta; fothú acmhainneachta laistigh d’fhorfheidhmiú an dlí; agus céimeanna chun comhar feabhsaithe a áirithiú.

## TUAIRIM 4.4 Ó FRA

Iarrtar ar Bhallstáit AE treoirphrionsabail a chur i bhfeidhm maidir le tuairisciú a spreagadh, ar féidir leo feidhmiú freisin mar chreat meastóireachta chun gníomhaíochtaí náisiúnta a shainaithint a úsáidfear chun cur chuige atá dírithe ar an íospartach a dhearadh agus a chur chun feidhme i ndáil le fuathchoireacht a thuairisciú. Ba cheart do na Ballstáit leanúint lena gcuid iarrachtaí struchtúir a chruthú a éascóidh tuairisciú, cosúil le seirbhísí tuairiscithe tríú páirtí a bhunú chomh maith le cumas na n-oifigeach forfheidhmithe dlí a fhorbairt ionas go mbeifear in ann fuathchoireanna féideartha a shainaithint agus thaifeadadh. Chomh maith leis sin, ba cheart dóibh comhar le ESSanna agus le heagraíochtaí tacaíochta íospartach a fheabhsú agus páirt a ghlacadh i mbearta for-rochtana saincheaptha ionas go mbeifear in ann daoine atá i mbaol íospairt fuathchoireachta a aimsiú.

# 5

# COMHIONANNAS AGUS CUIMSIÚ NA ROMACH



*In 2021, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh a moladh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach. Iarrtar ar Bhallstáit creataí straitéiseacha náisiúnta maidir leis na Romaigh a ghlacadh agus gach iarracht a dhéanamh chun cuspóirí agus spriocanna chreat straitéiseach nua AE do na Romaigh a chomhlíonadh faoi 2030. D'fhorbair an tAontas agus na Ballstáit roinnt tionscnamh chun deis a thabhairt do na Romaigh agus don Lucht Siúil páirt a ghlacadh in ullmhú na straitéisí, agus chuaigh siad i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha, amhail comhlachtaí comhionannais agus institiúidí náisiúnta um chearta an duine.*

*Phríomhshruthaigh an tAontas Eorpach cuimsiú na Romach i roinnt comhad beartais agus reachtach. Níor phríomhshruthaigh formhór na mBallstát cuimsiú na Romach ina bpríomhstraitéisí agus ina bpríomhbhearta náisiúnta maidir le príomhréimsí beartais, cosúil le fostaíocht, oideachas, sláinte agus tithíocht, áfach.*

*In 2021, níl cearta bunúsacha na Romach agus an Lucht Siúil fós á n-urramú ina n-iomláine. Tá tionchar fós ag an bhfrithghiofógachas, idirdhealú, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, mar aon le fuathchoireacht agus fuathchaint, ar líon díréireach Romach agus daoine den Lucht Siúil ar fud an Aontais. Chuir bearta a raibh sé mar aidhm leo dul i ngleic le paindéim ghalar choróinvíreas 2019 (COVID-19) leis na fadhbanna sin.*

An 12 Márta 2021, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh a moladh maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, agus d'iarr sé ar na Ballstáit creataí náisiúnta straitéiseacha do na Romaigh a ghlacadh faoi mhí Mheán Fómhair 2021. Níor thíolaic ach 11 Bhallstát a straitéisí náisiúnta athbhreithnithe roimh dheireadh 2021.

Spreagann an tAontas Eorpach na Ballstáit chun Romaigh agus daoine den Lucht Siúil a chur san áireamh i ngach comhad beartais agus dlíthiúil a mheastar a thacaíonn le grúpaí leochaileacha agus a chosnaíonn iad. Sonraítear i gcreat straitéiseach nua AE maidir leis na Romaigh seacht gcuspóir agus spriocanna gaolmhara atá le comhlíonadh faoi 2030. Dírítear sa chreat ar an bhfrithghiofógachas agus ar an idirdhealú a chomhrac agus ar rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán na Romach a chur chun cinn, trí mheascán de bheartais phríomhshrutha agus spriocdhírithe.

Thíolaic an chuid is mó de na Ballstáit a straitéisí go déanach, agus go minic níor chuir siad straitéisí a forbraíodh roimhe sin san áireamh ná ní dhearna siad meastóireachtaí ar straitéisí a forbraíodh roimhe sin. Cuireadh leis na hiarrachtaí dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus le comhlachtaí comhionannais, ach is beag fianaise atá ann go bhfuil rannpháirtíocht fhóinteach ag na Romaigh agus ag daoine den Lucht Siúil i ndearadh agus i gcur chun feidhme na straitéisí nua. Níor bhunaigh ach 11 Bhallstát ardán náisiúnta do na Romaigh chun an tsochaí shibhialta a chur san áireamh ar bhealach níos éifeachtaí in 2021.

## TUAIRIM 5.1 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE tús áite a thabhairt do chur chun feidhme a gcreataí straitéiseacha nua náisiúnta le haghaidh na Romach. Ba cheart spriocanna nithiúla agus intomhaiste a áireamh sna creataí chun faireachán agus bailiú sonraí éifeachtach a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar chleachtais a bhfuil gealladh fúthu i dtíortha eile AE agus úsáid a bhaint as an treoir a chuireann FRA agus an Mheitheal um na Romaigh ar fáil. Ba cheart do na Ballstáit fothú acmhainneachta eagraíochtaí sochaí sibhialta na Romach a chur chun cinn agus cuireadh a thabhairt dóibh go córasach páirt a ghlacadh i ndearadh, cur chun feidhme agus faireachán ar bhearta um chuimsiú na Romach.



## TUAIRIM 5.2 Ó FRA

Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhearta chun dul i ngleic le dearcthaí idirdhealaitheacha i gcoinne na Romach agus an Lucht Siúil i bhforfheidhmiú an dlí. D'fhéadfaí a áireamh i measc bearta den sórt sin oiliúint do ghairmithe i bhforfheidhmiú an dlí agus sa cheartas, bunaithe ar threoir a d'fhorbair FRA agus ar thionscnaimh oiliúna atá forbartha ag Gníomhaireacht AE um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí agus FRA, chomh maith le tionscnaimh oiliúna de chuid na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip agus na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh comhlachtaí neamhspleácha imscrúdú, gan mórán moille, ar chásanna d'fhoréigean póilíneachta lena mbaineann Romaigh agus ba cheart go gcabhródh siad le híospartaigh aon mhí-iompar póilíneachta a thuairisciú.

Toirmisctear le hAirteagal 21 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha aon idirdhealú atá bunaithe ar thionscnamh eitneach nó sóisialta nó ar bhallraíocht i mionlach náisiúnta. Ó 2000 i leith, tá cóir chomhionann agus cosc ar idirdhealú díreach agus indíreach curtha chun cinn ag dlí an Aontais (An Treoir maidir le Comhionannas Ciníoch, 2000/43/CE).

Ina thuarascáil ar chearta bunúsacha in 2021, d'iarr FRA ar Bhallstáit AE na bearta riachtanacha a ghlacadh chun dearcthaí idirdhealaitheacha i measc póilíní a chosc agus a dhíothú. Chomh maith leis sin, d'iarr siad ar údaráis forfheidhmithe dlí treoir shonrach, phraiticiúil agus réidh le húsáid a eisiúint chun dul i ngleic le próifíliú eitneach idirdhealaitheach atá á dhéanamh ag póilíní. Ba cheart an treoir sin a áireamh i ngnáthnósanna imeachta oibriúcháin agus i gcóid iompair agus ba cheart eolas maidir leis an treoir a roinnt ar bhonn córasach le hoifigigh thúslíne.

Tá próifíliú eitneach nó ciníoch a bheith á dhéanamh ag na póilíní ag cur i gcoinne daoine den phobal Romach nó den Lucht Siúil fós ag tarlú go forleathan, agus léirítear i dtaighde a rinne FRA a foilsíodh in 2021 go mbaineann taithí dhiúltach ar na póilíní an bonn den mhuinín atá ag daoine as údaráis phoiblí. In 2021, tuairiscíodh dhá theagmhas mharfacha a bhain le fir Romaigh agus údaráis phóilíneachta in dhá Bhallstát. I dtuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh chuig Parlaimint na hEorpa maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Comhionannas Ciníoch, iarrtar ar na Ballstáit sonraí a fhoilsiú faoi ghearáin a fuair na póilíní, na cigireachtaí agus na breithiúna.



# 6

# TEARMANN, VÍOSAÍ, IMIRCE, TEORAINNEACHA AGUS LÁNPHÁIRTIÚ

***Glacadh fós le hurraim do chearta bunúsacha ag teorainneacha seachtracha mar cheann de na príomhdhúshláin a bhain le cearta an duine san Aontas Eorpach. Leanadh ar aghaidh le líomhaintí a dhéanamh maidir le brú siar agus foréigean ag an teorainn. Leanadh freisin le básanna ar muir agus ar tír, agus le moilleanna i ndáil le calafort sábháilte a aimsiú d'imircigh a tarrtháladh ar muir. Leanadh le coinneáil a bhain le tearmann agus filleadh, lena n-áirítear mar chuid de bheartais imshrianta feabhsaithe ag teorainneacha.***

***D'oibrigh an tAontas chun córais teicneolaíochta faisnéise (TF) nua ar mhórscála a oibríochtú, córais ina gcuimsítear coimircí maidir le cearta bunúsacha a mheastar a chuirfear chun feidhme go héifeachtach.***



Toirmisctear le hAirteagal 78(1) CFAE agus Airteagail 18 agus 19 de Chairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (an Chairt) *refoulement* — a chiallaíonn duine a chur i mbaol géarleanúna nó mórdhíobhála — agus díbirt chomhchoiteann. Toirmisctear le hAirteagal 4 den Chairt céasadh agus cineálacha eile drochíde. Is oibleagáid absalóideach é sin, ní cheadaítear aon eisceachtaí ná maolú.

Bhain dúshlán suntasach fós le cearta bunúsacha a urramú ag na teorainneacha san Aontas Eorpach in 2021, agus rinneadh go leor tuairiscí maidir le brú siar agus foréigean póilíneachta líomhnaithe. Idir an dá linn, fuair 3 402 duine bás ar muir agus ag teorainneacha talún fad is a bhí iarracht á déanamh acu dul chomh fada leis an Aontas Eorpach, agus b'éigean do bháid tarrthála daonnúla déileáil le bagairtí agus deacrachtaí nuair a bhí iarrachtaí á ndéanamh acu calafort sábháilte a aimsiú. Fágadh imircigh agus dídeanaithe tarrtháilte ag fanacht ar muir ar feadh laethanta nó tréimhsí níos faide, rud a chuir a sábháilteacht agus a sláine coirp i mbaol.

## TUAIRIM 6.1 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit breithniú a dhéanamh ar shásraí faireacháin teorainneacha náisiúnta éifeachtacha agus neamhspleácha a bhunú, mar aon leis na sásraí gearáin atá ar fáil, go neamhspleách ar thoradh na caibidlíochta maidir le rialacha AE atá beartaithe faoin gComhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla imscrúdú pras agus éifeachtach ar líomhaintí maidir le brú siar agus drochíde.






## TUAIRIM 6.2 Ó FRA

I ngach cás aonair, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le roghanna eile seachas coinneáil a úsáid. Nuair a chinntear coinneáil a úsáid mar rogha dheireanach, ní mór do Bhallstáit gach coimirce a cheanglaítear leis an gCairt agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a urramú. I gcás na ndaoine sin atá á gcoinneáil go dtí go bhfilleann siad, ba cheart rochtain ar chúnamh dlí saor in aisce a chur ar fáil go praiticiúil ionas gur féidir le daoine atá i mbun imeachtaí um fhilleadh a gceart chun leigheas breithiúnach éifeachtach a fheidhmiú faoi Airteagal 47 den Chairt agus ionas gur féidir leo an ceartas i gcoitinne a rochtain.

Cé go gceanglaítear le hAirteagal 6 den Chairt, Airteagal 8(2) den Treoir athbhreithnithe maidir le Dálaí Glactha (2013/337/AE), Airteagal 15(1) den Treoir um Fhilleadh (2008/115/CE) agus Airteagal 28(2) de Rialachán Bhaile Átha Cliath ar Bhallstáit scrúdú a dhéanamh i ngach cás aonair ar inmharthanacht na mbeart nach bhfuil chomh comhéigneach le coinneáil, is annamh a úsáidtear roghanna eile seachas coinneáil mar gheall ar an imní a bhaineann le daoine a bheith ag éalú.

In 2021, lean tréimhsí coinneála fada, dálaí coinneála neamhleora, drochíde líomhnaithe á tabhairt ag gardaí, easpa measúnú aonair maidir le riachtanas agus comhréireacht cailleadh saoirse, agus easpa deighilte daoine leochaileacha, leis an mbonn a bhaint de choimircí ceart bunúsach i gcomhthéacs coinneála. Ina theannta sin, cuireann roinnt Ballstát srian le rochtain ar chúnamh dlí saor in aisce.



## TUAIRIM 6.3 Ó FRA

Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí feasacht a mhúscailt faoi na cearta agus faoi na leigheasanna ar fáil do dhaoine a bhfuil a gcuid sonraí á stóráil i mbunachair sonraí chórais faisnéise mhórscála an Aontais Eorpaigh, mar aon le sásraí maoirseachta éifeachtacha a bhunú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú go bhfreastalaíonn na baill foirne ábhartha ar fad ar oiliúint éigeantach maidir le cearta bunúsacha.

Foráiltear in Airteagal 8(2) den Chairt, chomh maith le dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, don cheart rochtain a fháil ar shonraí atá á stóráil faoin duine, na sonraí sin a cheartú agus a scriosadh. Ráthaítear an ceart sin i rialacháin lena mbunaítear bunachair sonraí idir-inoibritheacha mórscála AE i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais. Tá impleachtaí tábhachtacha ar chearta bunúsacha ag oibriú agus idir-inoibritheacht chórais faisnéise mórscála AE, córais a bhailíonn raon sonraí pearsanta, mar a shonraigh FRA i dtaighde a rinneadh roimhe seo.

Is oibleagáid dhlíthiúil í oiliúint a chur ar bhaill foirne údaraithe faoin gcuid is mó de na hionstraimí dlí lena rialaítear córais mhórscála TF agus a n-idir-inoibritheacht. Ag leibhéal an Aontais, d'eagraigh CEPOL, eu-LISA agus Frontex gníomhaíochtaí oiliúna in 2021 chun cur leis an méid atá ar eolas ag údaráis inniúla faoi ghnéithe teicniúla agus úsáide gnó agus faoi na himpleachtaí a bhaineann le húsáid na gcóras. Cabhraíonn FRA leis an oiliúint sin trí ionchur maidir le cearta bunúsacha.

# 7

# AN tSOCHAÍ FAISNÉISE, PRÍOBHÁIDEACHT AGUS COSAINT SONRAÍ



***In 2021, bhí tionscnaimh reachtacha agus bheartais a bhfuil sé mar aidhm leo dul i ngleic le teicneolaíocht nua dírithe ar na rioscaí a chruthaíonn digitiú méadaithe do gach gné den saol. Díríodh go sonrach ar phríomhchomhaid a bhaineann le hintleacht shaorga (AI) agus ábhar ar líne a mhodhnú. Thástáil cásanna éigeandála a bhain le bainistiú na paindéime prionsabail cosanta sonraí i gcleachtas; rinne forbairt beart slándála an rud céanna.***

***B'ionann an dréacht-rialachán Intleachta Saorga a foilsíodh i mí Aibreáin 2021 agus an chéad iarracht an tionscal Intleachta Saorga a rialú agus ag an am céanna bunaíodh coimircí maidir le cearta bunúsacha ann. Bhí institiúidí an Aontais agus na Ballstáit ag obair chun teacht ar chomhaontú maidir le raon feidhme agus teorainneacha úsáide inghlactha na hIntleachta Saorga. Ag an am céanna, b'éigean na cearta maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas a athdhearbhú go leanúnach maidir le bearta a raibh sé mar aidhm leo daoine aonair a chosaint, i ndáil leis an bpaindéim agus i gcoinne gníomhaíochtaí coiriúla araon. Lean sé sin patrún a bhí sainaitheanta i dtuarascálacha FRA ar cheart bunúsacha gach bliain ó 2014 i leith.***

In 2021, thagair saineolaithe agus an tsochaí shibhialta, ag leibhéal an Aontais agus ag an leibhéal náisiúnta araon, go minic do choimircí leordhóthanacha maidir le cearta bunúsacha a áireamh i ndréacht-Ghníomh an Aontais maidir leis an Intleacht Shaorga (AI). Tá atriallacha éagsúla á bhforbairt ina ndéileáiltear le hábhair imní éagsúla a bhaineann le cearta bunúsacha. Tá tagairtí do chearta bunúsacha a spreagadh, arb ábhar dóchais iad, le fáil sa dréacht-togra, ach tá aird tarraingthe ag an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) agus ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS), institiúidí náisiúnta um chearta an duine, eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) agus acadóirí, i measc grúpaí eile, ar ábhair imní choiteanna. Áirítear i measc na samplaí, catagóir na bhfeidhmchlár toirmiscthe Intleachta Saorga agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann córais bhreise Intleachta Saorga a chur san áireamh, cosúil le scóráil phríobháideach i dtaobh saoránach; spleáchas ard ar fhéinmheasúnú cuideachtaí ar chásanna úsáide ardriosca Intleachta Saorga; agus an gá atá le sásraí agus cuideachtaí maoirseachta atá freagrach as an obair sin a neartú.



## TUAIRIM 7.1 Ó FRA

Ba cheart do reachtóir an Aontais a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha sa Ghníomh Intleachta Saorga a bhunófar amach anseo trí easnaimh arna sainaithint ag EDPB/MECS, an tsochaí shibhialta agus ag grúpaí eile a chur san áireamh. Go háirithe, ba cheart do reachtóir AE a áirithiú go bhfuil raon feidhme na gcásanna úsáide sna catagóirí riosca éagsúla soiléir agus go gcuirtear treoir agus cosaint leordhóthanach ar fáil — maidir le cearta bunúsacha a chomhlíonadh — i ndáil le comhthéacsanna praiticiúla éagsúla. Cé gur fáiltíodh roimh an gcinneadh brath ar fhéinmheasúnú, ba cheart go mbeadh maoirseacht éifeachtach á déanamh ag comhlachtaí neamhspleácha a bhfuil dóthain acmhainní acu mar aon leis an saineolas riachtanach maidir le cearta bunúsacha, mar bhonn leis an obair.

## TUAIRIM 7.2 Ó FRA

Ba cheart d'institiúidí den Aontas agus do Bhallstáit AE a rialálann seirbhísí digiteacha a áirithiú go gcuirfear cosc ar róbhaint agus ar thearcbhaint ábhair agus nach bhfuil cleachtais mhodhnóireachta díréireach, ionas nach gcuirtear isteach ar na cearta a bhaineann le saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse chun faisnéis a fháil agus neamh-idirdhealú. I bhfianaise a thábhachtaí atá maoirseacht fhianaisebhunaithe chun ábhar ar líne a mhodhnú ar bhealach éifeachtach agus ar bhealach a chiallaíonn go bhfuil cearta bunúsacha á gcomhlíonadh, ba cheart d'institiúidí den Aontas agus do na Ballstáit a áirithiú go gceadófar, tríd an gcreat dlíthiúil ábhartha, do shaineolaithe acadúla agus do shaineolaithe na sochaí sibhialta rochtain dhlíthiúil a fháil ar shonraí agus taighde a dhéanamh.

Is ionann iomadú an ábhair neamhdhleathaigh ar líne, lena n-áirítear fuathchaint, agus bagairt do chearta bunúsacha. Sa chomhthéacs sin, is treocht a bhfuil gealladh fúithi iad tograí chun seirbhísí digiteacha a rialú ag leibhéal an Aontais agus ag an leibhéal náisiúnta. Mar atá luaite ag roinnt páirtithe leasmhara (MECS, EDPB, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, údaráis cosanta sonraí agus ESSanna), áfach, cruthaíonn rialú ábhair agus seirbhísí ar líne dúshláin maidir le cearta bunúsacha a chosaint, cosúil leis na cearta chun príobháideachais agus sonraí a chosaint, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe (Airteagail 7, 8, 11 agus 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh).

Spreag tionscnaimh dhlíthiúla náisiúnta agus dréacht-Ghníomh na Seirbhísí Digiteacha tuairimí éagsúla agus cáineadh éagsúil. Nuair a dhéantar measúnú orthu, tarraingítear aird ar roinnt ábhair imní choiteanna. Áirítear ina measc an gá atá ann a áirithiú go bhfuil bearta chun ábhar ar líne a mhodhnú comhréireach, agus an tábhacht a bhaineann le sásraí maoirseachta éifeachtacha a áirithiú.

Ina theannta sin, tá taighde ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar conas is féidir ábhar ar líne a mhodhnú gan cosaint chearta na n-úsáideoirí a chur i mbaol. Éilíonn sé sin rochtain ar shonraí maidir le feidhmiú na n-ardán digiteach, maidir lena dtionchar ar chearta bunúsacha. Fós féin, chuir roinnt ardáin mhóra cosc ar shaineolaithe seachtracha ó ESSanna taighde a bhaineann le cearta bunúsacha a dhéanamh in 2021, trí rochtain ar a gcuid sonraí a dhiúltú dóibh.





Is dea-rún é an iarracht saoránaigh a chosaint ó bhagairtí de chineálacha éagsúla — an phaindéim, ábhar mídhleathach ar líne agus an chibearchoireacht san áireamh. Mar sin féin, ciallaíonn an cuspóir sin go bhfuil glactha ag institiúidí den Aontas agus ag Ballstáit, nó go bhfuil breithniú á dhéanamh acu ar reachtaíocht a ghlacadh a d'fhéadfadh cur isteach ar chearta bunúsacha, go háirithe leis na cearta chun príobháideachais agus chun sonraí a chosaint (Airteagail 7 agus 8 den Chairt).

Bhain dúshláin cosanta sonraí le deimhnithe COVID-19 a fhorbairt, dúshláin ar tharraing institiúidí cosanta sonraí agus ESSanna i bhformhór na mBallstát aird orthu. D'ainneoin chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine le déanaí maidir le hollfhaireachas, agus cásdlí CBAE maidir le coinneáil sonraí, lean na Ballstáit le tograí reachtacha a bhunú a bhfuil sé mar aidhm leo faireachas agus coinneáil sonraí a threisiú, gan coimircí leordhóthanacha maidir le cearta bunúsacha a ionchorprú. Cé gur aidhmeanna dlisteanacha iad sláinte agus slándáil daoine aonair a chosaint, tá sé curtha in iúl ag na saineolaithe gur gá tástálacha iomchuí riachtanais agus comhréireachta a dhéanamh chun a áirithiú nach sárófar na cearta chun príobháideachais agus chun sonraí a chosaint nó cearta bunúsacha eile mar thoradh ar aon bheart.

## TUAIRIM 7.3 Ó FRA

Ba cheart d'institiúidí den Aontas agus do na Ballstáit a áirithiú go n-urramófar cearta bunúsacha in aon tionscnamh dlíthiúil nua atá beartaithe chun slándáil daoine aonair a chothú, is cuma más comhthéacs éigeandála atá ann nó murab ea. Go háirithe, ba cheart go n-áiritheodh bearta dlíthiúla arna nglacadh chun paindéim COVID-19 a chomhrac nó chun slándáil i gcoinne bagairtí náisiúnta a chothú, go gcuirfear coimircí iomchuí chun feidhme chun na cearta maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas a chosaint. Ba cheart go mbeadh na bearta sin forordaithe le dlí, agus ba cheart go mbeidís riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach. Ba cheart go n-áiritheodh sásraí maoirseachta neamhspleácha go ndéanfar grinnscrúdú rialta ar na bearta sin. Ba cheart go mbeadh daoine aonair in ann gearán a dhéanamh faoi bhearta den sórt sin agus ba cheart go mbeadh rochtain acu ar leigheasanna éifeachtacha.

# 8

# CEARTA AN LINBH



***In 2021, lean paindéim ghalar choróinvíreas 2019 (COVID-19) le dúshláin maidir le cearta leanaí a chruthú. I mí an Mhárta 2021, den chéad uair ghlac an Coimisiún Eorpach Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh maidir le sé réimse théamacha, lena n-áirítear: cuimsiú socheacnamaíoch leanaí, sláinte agus oideachas; rannpháirtíocht leanaí a chur chun cinn; agus foréigean in aghaidh leanaí a chomhrac. Cuireann an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, garsprioc thábhachtach eile i ndáil le dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta leanaí, leis an straitéis.***

***Mhéadaigh líon na leanaí atá ag lorg tearmainn go suntasach, agus d'eascair dúshláin thromchúiseacha as an staid luaineach ag na teorainneacha. Leanadh le himircigh linbh a choinneáil i roinnt Ballstát, lena n-áirítear i gcásanna nár cinneadh aois an duine fós. Bhain dúshláin fós leis an treoir a bhaineann le coimircí nós imeachta a chur chun feidhme i roinnt Ballstát, agus tharraing comhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta aird ar ábhair imní a bhain le dálaí coinneála leanaí nach raibh de réir an dlí.***

## TUAIRIM 8.1 Ó FRA

D'fhéadfadh an Coimisiún Eorpach breithniú a dhéanamh ar thacaíocht agus treoir spriocdhírithe a chur ar fáil do na Ballstáit chun an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh a chur chun feidhme. D'fhéadfaí go n-áireofaí anseo malartú dea-chleachtas maidir le cur chun feidhme agus faireachán a éascú.

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil dóthain acmhainní ar fáil dá bpleananna gníomhaíochta náisiúnta a bhfuil an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh á gcur chun feidhme acu agus go ndírítear ar na leanaí is leochailí, go háirithe chomh fada is a bhaineann le tionchar phaindéim COVID-19.

Ba cheart don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit leanúint le measúnú a dhéanamh ar thionchar na paindéime ar mheabhairshláinte leanaí agus bearta a bhunú chun tuilleadh iarmhairtí diúltacha a chosc.

Lean paindéim COVID-19 ag cur isteach ar raon ceart leanaí a chosnaíonn Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an Chairt), amhail an ceart chun oideachais (Airteagal 14) agus don chosaint agus don chúram is gá ar mhaithe lena bhfolláine (Airteagal 24). Tháinig méadú ar an sciar de leanaí atá i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta in AE27 ó 22.2 % in 2019 go dtí 24.2 % in 2020, de réir na staitisticí is déanaí ó Eurostat.

In 2021, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, scéim a bhfuil sé mar aidhm léi bochtaineacht leanaí a chosc agus a chomhrac agus rochtain ar sheirbhísí bunúsacha a áirithiú do gach leanbh, lena n-áirítear iad siúd atá i ngrúpaí leochaileacha. D'fháiltigh go leor páirtithe leasmhara agus an tsochaí shibhialta roimh an ráthaíocht. Beidh ar na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta a bhunú ar an Ráthaíocht i rith 2022.

Ghlac an Coimisiún Eorpach an chéad Straitéis Aontais riamh maidir le Cearta an Linbh. Sainítear inti roinnt beart i réimsí a raibh tionchar ag paindéim COVID-19 orthu freisin.






In 2021, lean Ballstáit le cúnamh airgeadais a chur ar fáil, mar aon le cosaint shóisialta agus bearta oideachais speisialta, chun iarmhairtí diúltacha phaindéim COVID-19 a íoslaghdú. Ábhar imní ba ea tionchar na paindéime ar mheabhairshláinte leanaí, ainneoin nach bhfuil suntas an tionchair sin ar eolas go fóill.

Tháinig méadú suntasach ar líon na leanaí agus líon na leanaí neamhthionlactha a rinne iarratas ar thearmann in 2021, méadú ó níos lú ná 130 000 in 2020 go dtí beagnach 167 000 in 2021. Tá imircigh linbh i dteideal cosaint a fháil faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, an Chairt agus reachtaíocht AE, cosúil leis an Treoir maidir le Dálaí Glactha. Mar sin féin, go minic b'éigean d'imircigh linbh déileáil le dálaí scanrúla i roinnt Ballstát agus ag teorainneacha AE.

Chomh maith leis sin, bhí tionchar ag brú siar agus úsáid foréigin i seacht mBallstát AE ar a laghad ar leanaí a bhí ag taisteal lena dteaghlaigh agus leanaí neamhthionlactha. Cháin eagraíochtaí na Náisiún Aontaithe, an tsochaí shibhialta agus Comhairle na hEorpa an staid sin go láidir.

Táthar ag leanúint le leanaí a choimeád, leanaí lena dteaghlaigh agus leanaí neamhthionlactha, i roinnt Ballstát, lena n-áirítear i rith measúnuithe aoise. Níor cheart leanaí a choinneáil ach amháin mar bheart eisceachtúil nuair nach bhfuil an dara rogha ann, i gcomhréir le dlí an Aontais. I Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh, a glacadh i mí an Mhárta 2021, moltar roinnt beart, lena n-áirítear roghanna malartacha a fhorbairt seachas leanaí imircigh a choinneáil.

## TUAIRIM 8.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go gcuirfear dálaí glactha iomchuí ar fáil do leanaí atá ag taisteal le teaghlaigh, chomh maith le leanaí neamhthionlactha. Ba cheart don Choimisiún Eorpach tacú le Ballstáit roghanna eile seachas coinneáil a fhorbairt, mar cheann de na bearta a bunaíodh i Straitéis an Aontais maidir le Cearta an Linbh.

## TUAIRIM 8.3 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE breithniú a dhéanamh ar úsáid a bhaint as roghanna eile seachas coinneáil leanaí ar daoine iad a bhfuil amhras fúthu nó ar cosantóirí iad ina gcuid iarrachtaí Treoir an Aontais maidir le coimircí nós imeachta agus dlí idirnáisiúnta agus náisiúnta eile a chur chun feidhme. Ba cheart imscrúdú agus sásamh iomlán a dhéanamh ar líomhaintí maidir le dálaí nó cóireáil neamh-leordhóthanach leanaí a chailleann a saoirse. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go nglacfaidh gairmithe a bhíonn ag obair le leanaí sa chóras ceartais choiriúil páirt in oiliúint maidir le cearta leanaí a mbíonn teagmháil acu leis an dlí agus leanaí a chailleann a saoirse.

Soláthraítear in Airteagal 48 den Chairt coimircí tábhachtacha maidir le toimhde na neamhchiontachta agus an ceart maidir le cosaint. Ceanglaítear le hAirteagal 24 den Chairt go dtabharfar tús áite do leas an linbh.

Bunaítear sa Treoir maidir le Coimircí Nós Imeachta do leanaí a bhfuil amhras fúthu nó ar cosantóirí iad in imeachtaí coiriúla (2016/800/AE), roinnt teorainneacha i ndáil le cailleadh saoirse linbh nach bhfuil de réir an dlí, agus leagtar síos coinníollacha íosta maidir lena gcóireáil, cosúil le rochtain ar chúram sláinte, forbairt fhisiciúil agus mheabhrach, oideachas agus aclaíocht rialta, agus a gceart chun shaol an teaghlaigh. Toirmisctear sa Chairt aon chineál céasta nó íde nó pionóis atá mídhaonna nó táireach (Airteagal 4). Leag roinnt comhlachtaí faireacháin idirnáisiúnta béim, áfach, ar chóireáil mhíchuí leanaí a chaill a saoirse i roinnt Ballstát in 2021.

In 2021, leanadh le hathchóirithe dlí chun an Treoir maidir le Coimircí Nós Imeachta a ionchorprú sa dlí náisiúnta, a bhí le déanamh i mí an Mheithimh 2019. Tá na nósanna imeachta um shárú a tionscnaíodh in 2019 in aghaidh seacht mBallstát fós gan réiteach. Thosaigh roinnt Ballstát ag leasú a ndlíthe ceartais choiriúil in 2021, agus leag siad béim ar leith ar roghanna eile seachas coinneáil agus ar chúirteanna speisialaithe d'ógánaigh a bhunú.



9

# ROCHTAIN AR CHEARTAS

***Dírítear sa chaibidil seo ar dhá théama ghinearálta: cearta íospartach maidir le catagóirí sonracha íospartaigh, agus neamhspleáchas na mbreithiúna. Tá tábhacht ar leith ag baint le neamhspleáchas na mbreithiúna chomh fada is a bhaineann le smacht reachta.***

***Neartaigh an tAontas Eorpach cearta íospartach tuilleadh in 2021. Mar chuid den Ardán um Chearta Íospartach, lean an Coimisiún Eorpach le plé a dhéanamh ar an mbaint atá ag an Treoir maidir le Cearta Íospartach le catagóirí difriúla íospartach. Ghlac na Ballstáit le bearta agus/nó beartais dhlíthiúla nua chun cearta cineálacha gach íospartaigh coireachta a neartú, agus go háirithe cearta ban mar íospartaigh d'fhoréigean inscnebhunaithe.***

***Idir an dá linn, bhí níos mó airde á tarraingt ar ábhair imní a bhain leis an smacht reachta, go háirithe neamhspleáchas na mbreithiúna. Tá easnaimh fós le tabhairt faoi deara i roinnt Ballstáit AE. Tháinig an sásra chun dáileadh chistí AE a bhunú go coinníollach i bhfeidhm, rud a chiallaíonn go bhfuil bearta chun sáruithe ar an smacht reachta a phionósú á bhforbairt de réir a chéile.***



Deonaítear le hAirteagail 8 agus 9 den Treoir maidir le Cearta Íospartach, an ceart do sheirbhísí tacaíochta cuí do gach íospartach coireachta. Dá réir sin, tá oibleagáid ar chórais ceartais choiriúil na mBallstát a áirithiú go bhfuil seirbhísí tacaíochta leordhóthanacha ar fáil a chomhlíonann caighdeáin feidhmíochta atá sainithe.

Tá líonra na n-eagraíochtaí tacaíochta atá bunaithe i roinnt mhaith Ballstát fós ilroinnte agus neamhiomlán agus bíonn deacrachtaí go minic ag na póilíní measúnú a dhéanamh ar cé hiad na heagraíochtaí tacaíochta atá ar fáil agus is oiriúnaí d'íospartaigh aonair, bunaithe ar fhianaise ó thaighde a rinne FRA in 2021. Mar shampla, is é an toradh atá ar an staid sin go mbíonn clúdach forleathan i roinnt Ballstát d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine nó do mhná arb íospartaigh d'fhoréigean teaghlaigh nó gnéasach iad, ach ní bhíonn ach soláthar teoranta tacaíochta d'íospartaigh ar fáil d'íospartaigh eile cosúil le híospartaigh d'fhoréigean ciníoch, homafóbach nó staide, cosúil le coireacht mhaoine.

Ina theannta sin, níl clár de sheirbhísí tacaíochta creidiúnaithe d'íospartaigh ag mórán Ballstát, de réir taighde a rinne FRA a bhí dírithe ar an mbliain 2021. Dá mbeadh a leithéid sin de chlár ar fáil bheadh sé níos éasca do na póilíní agus d'údaráis an cheartais choiriúil cinneadh a dhéanamh maidir leis na seirbhísí ar féidir úsáid a bhaint astu chun tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh, tacaíocht a bhfuil caighdeáin áirithe á gcomhlíonadh aici.

## TUAIRIM 9.1 Ó FRA

I gcomhréir leis an Treoir maidir le Cearta Íospartach, ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach íospartach coireachta — beag beann ar an gcineál coireachta — ar eagraíocht a sholáthraíonn seirbhísí tacaíochta. Ba cheart go mbeadh caighdeáin cháilíochta mar bhonn le soláthar seirbhísí tacaíochta d'íospartaigh, trí phróiseas deimhniúcháin nó creidiúnaithe mar shampla a áirithíonn go gcomhlíonann na seirbhísí tacaíochta a sholáthraítear caighdeáin feidhmíochta shainithe.



## TUAIRIM 9.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE bunús dlí láidir a bhunú d'orduithe urchoisc éigeandála arna n-eisiúint ag na póilíní gan toiliú ná cur i bhfeidhm an íospartaigh a cheangal, de réir Choinbhinsiún Iostanbúl. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-eiseoidh na húdaráis forfheidhmithe dlí orduithe urchoisc den sórt sin i ngach cás iomchuí, go ndéanfar dianfhaireachán ar chomhlíonadh na n-orduithe sin ag an gciontóir agus go mbeidh pionós daingean á ghearradh sa chás go bhfuil neamhchomhlíonadh i gceist.

I gcomhréir le hAirteagail 50 agus 52 de Choinbhinsiún Iostanbúl, ceanglaítear ar Bhallstáit a bhfuil an coinbhinsiún daingnithe acu a áirithiú go bhfuil na póilíní in ann agus toilteanach cosaint láithreach agus iontaofa a chur ar fáil d'íospartaigh trí orduithe urchoisc éigeandála a eisiúint. Tá roinnt Ballstát ann, áfach, nach bhfuil orduithe urchoisc éigeandála bunaithe ina gcórais dlí acu fós, agus i mBallstáit eile tá drogall ar na póilíní iad a úsáid, de réir sonraí a thiomsaigh FRA a cuireadh ar fáil in 2021. I mBallstáit eile fós, eisítear orduithe éigeandála ach is beag a dhéantar chun a áirithiú go bhfuil siad á gcomhlíonadh go hiontaofa ag ciontóirí foréigneacha.

## TUAIRIM 9.3 Ó FRA

Ní mór do Bhallstáit AE a áirithiú go mbeidh a gcuid breithiúna neamhspleách agus neamhchlaonta d'fhonn a ráthú go gcinnfear cásanna ábhartha dhlí AE i gcomhréir leis an smacht reachta agus le cearta bunúsacha, lena n-áirítear Airteagal 47 den Chairt. Go háirithe, ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú nach bhfuil imeachtaí araíonachta á mbagairt ar bhreithiúna ná ionchúisitheoirí mar gheall ar an gcaoi a gcuireann siad a bhfeidhmeanna breithiúnacha i gcrích.

Is iad breithiúna neamhspleácha bunchloch an smachta reachta agus na rochtana ar an gceartas (Airteagal 19 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, Airteagal 67(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh). Ní hiad gníomhaithe seachtracha amháin, cosúil leis an rialtas nó na meáin, a chuireann brú ar ionchúisitheoirí nó breithiúna, a d'fhéadfadh an neamhspleáchas sin a chur i mbaol, ach tá sásraí inmheánacha a bhaineann le riarachán breithiúnach docht le cur san áireamh freisin, mar a tugadh faoi deara i mbreithiúnais a rinne CBAE in 2021 i ndáil le cásanna a bhaineann le cúirteanna sa Pholainn agus san Ungáir.

Baineann an dainséar sin go háirithe le bearta rialaithe araíonachta. Má úsáidtear na bearta sin ar chor ar bith i gcoinne breithiúna agus ionchúisitheoirí poiblí, ní mór a bheith fíorchúramach d'fhonn a áirithiú nach gcuirfidh siad isteach ar fheidhmiú feidhmeanna breithiúnacha.



10

# FORBAIRTÍ MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME AN CHOINBHINSIÚIN AR CHEARTA DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

***Lainseáil an Coimisiún Eorpach straitéis AE um míchumas nua don tréimhse idir 2021-2030. Glacadh go foirmiúil an Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna, lenar bunaíodh critéir dhiana d'fhonn a áirithiú go bhfuil Coinbhinsiún ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) á chomhlíonadh ag maoiniú ón Aontas. Neartaíodh cearta paisinéirí iarnróid do dhaoine faoi mhíchumas. I dtuarascáil ó Pharlaimint na hEorpa ar cheachtanna a foghlaimíodh ó achainíocha maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, tugadh léargas ar réimsí a d'fhéadfadh an tAontas agus na Ballstáit araon a fheabhsú.***

***Bhí rátaí báis agus breoiteachta níos airde i measc daoine faoi mhíchumas mar thoradh ar phaindéim ghalar choróinvíreas 2019 (COVID-19). Spreag tuarascálacha maidir le drochíde éileamh ar dhí-institiúidiú ar bhonn práinne. Tharraing cinneadh ón gCoiste Eorpach ar Chearta Sóisialta maidir le hoideachas leithscartha do leanaí faoi mhíchumas aird ar an ngá atá le hoideachas cuimsitheach ag an leibhéal bunoideachais agus meánoideachais.***

***Chuir na Ballstáit na chéad chéimeanna eile chun an Ionstraim Eorpach um Inrochtaineacht nua a chur chun feidhme. Tá cur chun feidhme CRPD, nach n-áirítear mar chuid de raon feidhme threoracha reatha AE, míchothrom i gcónaí. Tá comhlacht faireacháin náisiúnta CRPD bunaithe ag gach Ballstát anois.***

Ceanglaítear le hAirteagal 19 CRPD agus de straitéis AE um mhíchumas 2021-2030 go ndéanfar daoine faoi mhíchumas a dhí-institiúidiú. Beidh rolladh amach na straitéise um míchumas mar bhonn le méadú ar an ngá a bhaineann leis an bpróiseas dí-institiúidithe san Aontas Eorpach a chur i gcrích. Cabhróidh treoir ón gCoimisiún chuig na Ballstáit leis an bpróiseas a bhaineann le maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú sa phobal a fheabhsú, treoir atá beartaithe a fhoilsiú in 2023.

## TUAIRIM 10.1 Ó FRA

Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit dlús a chur ar bhonn práinne lena n-iarrachtaí dí-institiúidithe, lena n-áirítear trí úsáid agus faireachán iomchuí ar chistí AE lena áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách agus a bheith páirteach sa phobal. Baineann tábhacht ar leith leis sin i ndáil le cosc a chur ar níos mó sáruithe ar chearta daoine faoi mhíchumas i rith paindéimí amach anseo nó éigeandálaí eile a bhféadfadh éifeachtaí mórán mar an gcéanna a bheith acu.



Sonraítear sa Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna nua (2021/1060), a glacadh in 2021, na coinníollacha agus na nósanna imeachta a bhaineann le hocht gciste ón Aontas. Nascann sé maoiniú le CRPD a chomhlíonadh ar bhealach sainráite. Ceanglaítear leis an rialachán sin ar na Ballstáit socruithe a bhunú lena áirithiú go mbeidh beartas inrochtaineachta, reachtaíocht agus caighdeáin á léiriú mar is ceart in ullmhú agus i gcur chun feidhme na gclár. Éilítear leis freisin go mbeidh eagraíochtaí daoine faoi mhíchumas rannpháirteach sa timthriall maoinithe, agus go sonraítear cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm CRPD mar "choinníoll cumasúcháin" chun cistí AE a úsáid.

Dá bhrí sin, is modh tábhachtach é an Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna lena áirithiú nach n-úsáidtear cistí AE chun foirmeacha maireachtála institiúidithe a dhaingniú ná a leathnú ar aon bhealach eile (trí athchóiriú na n-institiúidí sin a chómhaoiniú, mar shampla). Seachas sin, déantar iarracht a áirithiú go gcabhróidh cistí leis an bpróiseas dí-institiúidithe (trí struchtúir agus seirbhísí nua a chómhaoiniú a éascaíonn foirmeacha tacaithe maireachtála sa phobal a chur ar fáil, cuir i gcás).

Tharraing paindéim COVID-19 aird ar an bpráinn a bhaineann le dí-institiúidiú. Tá baol fisiciúil níos mó luaite le daoine faoi mhíchumas mar thoradh ar an bpaindéim. Tá baol suntasach ann freisin chomh fada is a bhaineann lena bhfolláine mheabhairshláinte, go háirithe nuair a bhíonn siad i suíomhanna institiúidithe, mar gheall ar an riosca níos airde imeallaithe shóisialta atá luaite leo.



Ceanglaítear le hAirteagal 33(2) CRPD ar Bhallstáit uile AE comhlacht faireacháin neamhspleách a bhunú. Tá an méid sin déanta ag Ballstáit uile AE agus ag an Aontas anois, rud a chiallaíonn gur i rith 2021 a comhlíonadh an phríomh-gharsprioc sin maidir le faireachán CRPD ina hiomláine.

Mar a thuairiscítear anseo agus in eagráin roimhe seo den Tuarascáil um Chearta Bunúsacha, áfach, tá dúshláin fós ag baint le feidhmiú na gcomhlachtaí sin, lena n-áirítear maoiniú, áiseanna agus acmhainní daonna easnamhacha. Ag an am céanna, mheabhraigh an phaindéim dúinn go bhfuil sé riachtanach feasacht maidir le cearta daoine faoi mhíchumas a mhúscailt, príomhfheidhm comhlachtaí den chineál sin. Ar deireadh, teastóidh acmhainní breise ó na comhlachtaí sin chun an ról atá beartaithe sa Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna a bheidh ag comhlachtaí náisiúnta, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar chéimeanna éagsúla chistí AE a bheith á gcomhlíonadh ag CRPD.

## TUAIRIM 10.2 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE a áirithiú go leithdháilfidh siad dóthain acmhainní daonna agus airgeadais ar na comhlachtaí a ainmneoidh siad mar chomhlachtaí faireacháin Airteagal 33(2). Ba cheart dóibh dlúth-chomhpháirtíocht a bhunú leis na comhlachtaí sin chun beartais agus cistí ábhartha ó AE a dhearadh, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a chur chun feidhme. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go mbeidh dóthain acmhainní ag na comhlachtaí sin chun a gcúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, go háirithe i dtimthriallta beartais agus cistiúcháin AE.



## TUAIRIM 10.3 Ó FRA

Ba cheart do Bhallstáit AE dlús a chur le cur chun feidhme na Treorach maidir le hInrochtaineacht ar an nGréasán agus na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht, agus ba cheart dóibh díriú ar inrochtaineacht a áirithiú i réimsí nach bhfuil comhchuibhithe le reachtaíocht AE fós, ionas gur féidir le daoine faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné den saol agus rochtain a bheith acu, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar shaoráidí agus ar sheirbhísí atá oscailte don phobal nó a chuirtear ar fáil don phobal.


Ceanglaítear le hAirteagal 9 CRPD ar Stáit is Páirtithe sa choinbhinsiún a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas, ar bhonn comhionann le daoine eile, ar an timpeallacht fhisiciúil, iompar, faisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais faisnéise agus chumarsáide, agus ar shaoráidí agus ar sheirbhísí eile atá oscailte don phobal nó á soláthar don phobal, i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon.

Fianaise ba ea an méid a tharla i rith na paindéime go raibh easnaimh le sonrú sa mhéid faisnéise a bhí á cur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas. Tá sé riachtanach go leor suíomhanna gréasáin poiblí a fheabhsú fós d'ainneoin gur glacadh an Treoir maidir le hInrochtaineacht ar an nGréasán, agus tá cur chun feidhme na hIonstraime Eorpaí um Inrochtaineacht fós ag na céimeanna tosaigh. Tá dúshláin inrochtaineachta fós le sárú i réimsí cosúil le suíomhanna toghcháin, cúirteanna agus iompar.






Bhí dul chun cinn agus céimeanna ar gcúl araon le tabhairt faoi deara in 2021 i ndáil le cosaint na gceart bunúsach. Déantar athbhreithniú in *Fundamental Rights Report 2022* FRA (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2022 FRA) ar mhórfhorbairtí in AE idir Eanáir agus Nollaig 2021, agus déantar cur síos achomair ar thuairimí FRA ina dtaobh. Agus aird á tarraingt ar na rudaí atá curtha i gcrích agus ar na rudaí arb ábhair imní iad go fóill, soláthraítear sa tuarascáil léargas ar na príomhcheisteanna a bhfuil díospóireachtaí ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le cearta bunúsacha á mbunú orthu.




I bhfócas na bliana seo caitear súil ar chearta sóisialta agus ar chomhionannas i gcomhthéacs an téarnaimh ó phaindéim Covid-19. Sna caibidlí eile, pléitear Cairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha; comhionannas agus neamh-idirdhealú; ciníochas, an tseineafóibe agus éadulaingt ghaolmhar; lánpháirtiú na Romach; tearmann agus imirce; an tsochaí faisnéise, príobháideachas agus cosaint sonraí; cearta an linbh; rochtain ar an gceartas; agus forbairtí maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

# DO CHEARTA BUNÚSACHA A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT AR FUD AN AE —

Más mian leat an leagan iomlán de *Fundamental Rights Report 2022* FRA (Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2022 FRA) a léamh — féach ar https://fra.europa.eu/en/publication/2022/fundamental-rights-report-2022

foilseacháin ghaolmhara FRA chomh maith:

- FRA (2022), ***Tuarascáil um Chearta Bunúsacha — tuairimí FRA***, Lucsamburg, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, https://fra.europa.eu/en/publication/2021/fundamental-rights-report-2021-fra-opinions (ar fáil in 24 theanga oifigiúla AE)
- FRA (2022), ***Social rights and equality in light of the recovery from the Covid-19 pandemic*** (Cearta sóisialta agus comhionannas i bhfianaise an téarnaimh ó phaindéim Covid-19), Lucsamburg, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, https://fra.europa.eu/en/publication/2022/social-rights-equality-recovery-covid-19 (ar fáil i mBéarla agus i bhFraincis)

Tá tuarascálacha bliantúla FRA roimhe seo maidir leis na dúshláin a bhaineann le cearta bunúsacha agus an méid atá bainte amach san Aontas Eorpach ar fáil fós ar shuíomh gréasáin FRA (ar fáil i mBéarla, Fraincis agus Gearmáinis).

TUILLEADH FAISNÉISE


**FRA — GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHEARTA BUNÚSACHA**
Schwarzenbergplatz 11 – 1040 Vín – an Ostair
Teil. +43 158030-0 – Facs +43 158030-699
**fra.europa.eu**

facebook.com/fundamentalrights
linkedin.com/company/eu-fundamental-rights-agency
twitter.com/EURightsAgency



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh